# Ár bPaidreacha



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# Altú Roimh Bhia

Beannacht ó Dhia orainne
Atá ag suí chun bord le
chéile.
Beannacht ar an mbia
a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha
a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht ó Dhia dílis orainn
féin. Amen



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# Altú Tar Éis Bia

Go raibh maith agat a Dhia
Mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat a Dhia
Mar is tú a thug cairde
dúinn.
Go raibh maith agat a Dhia.
Amen



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# Paidir na Maidine

A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt
duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom.
Amen.



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# Paidir na hOíche

A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú
dom.
I ndorchadas na hoíche cosain
mé,
Solas na maidine go bhfeice mé.
Amen.



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# Comhartha na Croise

In ainm an Athair,
agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh.
Amen.



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# Glóir don Athair

Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bhéas go brách,
Le saol na saol.
Amen



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# An Phaidir

Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil
tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne
dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Amen.



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# Sé do Bheatha, a Mhuire

Sé do bheatha, a Mhuire
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do
bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn,
na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis.
Amen.



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

# A Mhuire na nGrás

A Mhuire na ngrás,
A Mhathair Mhic Dé,
Go gcuire tú
Ar mo leas mé.

Go sabhála tú mé
Ar gach uile olc,
Go sabhála tú mé
Idir anam is corp.

Go sábhála tú mé
Ar muir is ar tír
Go sábhála tú mé
Ar leac na bpian.

Garda na n-aingeal
Os mo chionn,
Dia Romham
Agus Dia liom.



Seomra Ranga © Seomra Ranga 2018 www.seomraranga.com

**Resources used in this file from:**

https://www.teacherspayteachers.
com/Store/Hello-Literacy

https://www.teacherspayteachers.
com/Store/Educlips

https://www.teacherspayteachers.co
m/Store/Dancing-Crayon-Designs